Cor Poist ón nGaelAonad Iar-bhunscoile do Mhárta 2025

A Chomh-mhúinteoir, a chara,

Bíonn mí an Mhárta an-ghnóthach ar scoil le ceiliúradh éagsúla- táimid ag súil go mór le Lá Fhéile Pádraig ar an 17 Márta agus dar ndóigh an fhéile Ghaeilge is mó in Éirinn, Seachtain na Gaeilge ó 1-17 Márta.

Tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh as an gcéiluradh,
Ó Fhoireann Iar-bhunscoile an GhaelAonaid

Tionól Teagaisc 2025- Coinnigh an dáta

Tá áthas ar Fhoireann na hIar-bhunscoile a fhógairt go mbeidh Tionól Teagaisc 2025/2026 ar siúl **Dé Sathairn, 8 Samhain, 2025 in Óstán Killeshin i bPort Laoise.** Beidh tuilleadh eolais le teacht.

Acmhainní chun tacú le teagasc agus foghlaim na Gaeilge le linn Sheachtain na Gaeilge ar fáil ar shuíomh Oide.ie

Tá neart acmhainní le roinnt againn libh chun tacú le teagasc agus foghlaim na Gaeilge atá le fáil ar shuíomh Oide.ie faoi láthair. I measc na n-acmhainní seo, tá leabhrán nua ‘Leabhrán Sheachtain na Gaeilge’ curtha le chéile ag Oide atá breac le gníomhaíochtaí, cluichí, acmhainní agus neart eile. Tá spléachadh ar cheann de na cluichí thíos. Tá an leabhrán le fáil ag an nasc seo.

Spléachadh ar ghníomhaíocht ar leith ón Leabhrán

Tá babhtaí de ‘Tráth na gCeist’ atá thar a bheith suimiúil agus taitneamhach do scoláirí le himirt le linn Sheachtain na Gaeilge. Tá ceisteanna agus freagraí ann chun tacú leis an múinteoir. Bainfidh scoláirí ó Bhliain 1 go Bliain 6 spraoi as an Tráth na gCeist seo.

Babhta a Dó:

1. Cén abhainn ar a bhfuil cathair Chorcaí suite? An Laoi.
2. Cad í príomhchathair Chúige Chonnachta? Gaillimh
3. Cad iad dathanna Aontroim ar an bpáirc imeartha? Dubh agus Dearg.
4. Cén t-ainm eile atá ag an gcontae Tír Chonaill? Dún na nGall
5. Seolann bád ó “Holyhead” i Sasana chuig cén baile in Éirinn? Dún Laoghaire – BÁC.
6. Cé mhéad contae i gCúige Mumhan? 6
7. Cén contae a bhfuil an méid is mó Craobh na hÉireann acu san lománaíocht? Cill Chainnigh.
8. Cén contae a bhfuil an méid is mó Craobh na hÉireann acu sa Pheil? Ciarraí.
9. Cén t-ainm atá ar an bhfear sneachta sa scannán “Frozen”? Olaf
10. Cé mhéad deirfiúr atá ag Elsa, an bhanphrionsa sa scéal Frozen? 1

36

Oide.ie

Oide

M.Oid san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, Coláiste na Tríonóide, BÁC.

Cuirtear fáilte roimh iarratais ar an M.Oid san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta i Scoil an Oideachais, Coláiste na Tríonóide.

Is cúrsa solúbtha é seo a reáchtáiltear ar bhonn páirtaimseartha thar dhá bhliain agus díríonn ábhar an chúrsa go sonrach ar riachtanais ghairmiúla múinteoirí agus ceannairí scoileanna i scoileanna Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.

Tá an cúrsa á mhaoiniú ag an Roinn Oideachais, agus mar sin, ní bhíonn le díol ag rannpháirtithe an chúrsa ach 650 euro in aghaidh na bliana.

Tá tuilleadh eolais faoin gcúrsa le fáil ag an nasc seo.

Cúinne na Léitheoireachta ‘Deirdre’

Is scéal bunaithe ar cheann de mhórscéalta na Rúraíochta é scéal Dheirdre agus Chlann Uisnigh, atá mar rogha ar Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh, 2027.



Tugtar léargas dúinn sa leagan nua seo den scéal ar ghrá Dheirdre agus Naoise, agus an raic a cruthaíodh in Éirinn dá bharr. Is é Darach Ó Scolaí údar an leagan nua, agus is í Anastasia Melnykova a rinne an obair ealaíne ghleoite.

Múinteoirí Gaeilge T1 na Sraithe Sóisearaí

Ar mhaith leat do ghuth a bheith san áireamh agus an leagan nua den téacsleabhar *Dúchas* á chur le chéile?

Déanfaidh Ciara Ní Shé ó Phobalscoil Chorca Dhuibhne éascaitheoireacht ar sheisiún aiseolas ar *Dúchas* in Ionad Oideachais Luimnigh ar an gCéadaoin, 12 Márta.

Díolfar as ionadaíocht do mhúinteoir amháin ó gach scoil.

Is féidir clárú anseo.

Má ritheann aon cheist leat, fáiltímid roimh chomhfhreagras uait. Níl le déanamh agat ach ríomhphost a sheoladh chuig eolas@oide.ie

Is muidne le meas,
Foireann na Gaeilge Iar-bhunscoile, Oide.

Beatha teanga í a labhairt, buanú teanga í a scríobh, bláthú teanga í a léamh.